Turas go dtí Caisleán Bhun Raite

Jane ☐

Is cuimhin liom an lá go maith. D'fhág an bus an scoil gan mhoill ar a leathuair tar éis a hocht ar maidin. Bhí gach duine ag caint mar bhí siad ar bís. Ní raibh na múinteoirí ró-shásta leis an caint agus an pleidhcíocht.

Shroicheamar Bunraite timpeall fiche noiméad tar éis a naoi. Roinneamar i trí grúpa agus chuamar inár dtreo difriúla. Thosaigh mo ghrúpa leis an Daoinpháirc. Bhí Michelle, Liz B agus Jenny in éineacht linn. Chuamar timpeall ag thomas rudaí don Mhata agus ghlacamar ghriangraif do roinnt ábhar eile.

Ansin chuamar le Norma agus Deidre go dtí an caisleán. Bhuail treoraí linn. Chuamar timpeall an chaisleáin léi agus thug sí eolas dúinn faoi Bhun Raite. Ghlacamar níos mó ghriangraif agus ghlacamar físean den abhainn ó bharr an caisleáin. Bhí sos beag againn tar éis é sin. Nuair a chríochnaíomar ár sos roinneamar inár ábhar rogha. (Bhí mé sa rang Ceol.) D'éisteamar le ceoltóirí agus amhránaithe ar feadh tamaill. Ansin chuamar go dtí na gortanna le Caoimhe agus Brian chun eolas

a bhailiú agus samplaí a fháil le haghaidh turgnaimh.
Chuamar ar ais go dtí an caisleán. Bhíomar ag seasamh taobh amuigh den chaisleán, préachta leis an bhfuacht, fad a bhí ghriangrafadóir ag ghlacadh ghriafgraif den scoil os comhair an chaisleáin agus bhíomar préachta leis bhfuacht faoi deireadh.

Ag deireadh an lae, chuamar ar ais ar an mbus ansin ar a trí a chlog, tuirseach traochta, fliuch go craiceann agus réidh chun dul abhaile. Ní dhéanfaidh dearmad ar an lá go deo.